# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Feabhra 2023 – BG v an Pharlaimint**

**(Cás T - 164/20)** [1]

***(Státseirbhís – Cúntóirí parlaiminte creidiúnaithe – Ciapadh síceolaíoch – Airteagal 12(a) de na Rialacháin Foirne – Iarraidh ar chúnamh – Diúltú don iarraidh – Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne – an Coiste Comhairleach um Ghearáin faoi chiapadh ar Chúntóirí Parlaiminteacha Creidiúnaithe ag Feisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa san Áit Oibre agus an Ciapadh sin a Chosc – Ceart éisteachta – Diúltú tuarascáil an Choiste Chomhairligh a nochtadh – Dliteanas – Dochar neamhábhartha)***

(2023/C 104/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* BG (ionadaithe: A. Tymen, L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: M. Windisch, C. González Argüelles agus I. Lázaro Betancor, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2019 lenar dhiúltaigh an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích dá hiarraidh ar chúnamh a neamhniú agus, ar an dara dul síos, cúiteamh as an dochar neamhábhartha a mhaíonn sí a d'fhulaing sí.

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2019 lena ndiúltaítear don iarraidh ar chúnamh arna taisceadh ag BG ar neamhní;

2. Ordaítear don Pharlaimint méid EUR 2 500 a íoc le BG i leith na díobhála neamhábhartha a fulaingíodh;

3. Ordaítear don Pharlaimint na costais a íoc.

---

[1] IO C 201, 15.6.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Feabhra 2023 – SJ v An Coimisiún**

**(Cás T-659/20)** [1]

***(Treoir 2014/25/AE – Nósanna imeachta soláthair na n-eintiteas a oibríonn sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus seirbhísí poist – Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25 maidir le hiompar paisinéirí iarnróid sa tSualainn – Cearta na cosanta – Ceart éisteachta)***

(2023/C 104/37)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* SJ AB (Stócólm, an tSualainn) (ionadaithe: J. Karlsson agus M. Johansson, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: S. Baches Opi, P. Ondrůšek agus G. Wils, Gníomhairí)

*Idiragraí mar thaca leis an iarratasóir:* Ríocht na Sualainne (ionadaithe: M. Salborn Hodgson, H. Eklinder, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, H. Shev, R. Shahsavan Eriksson agus O. Simonsson, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1193 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2020 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiompar paisinéirí iarnróid sa tSualainn a chur ar neamhní (IO 2020 L 262, lch. 18), lenar chinn an Coimisiún Eorpach go leanfadh Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis atá ag oibriú sna hearnálacha seirbhísí uisce, fuinnimh, iompair agus poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243) d'fheidhm a bheith aici maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis chonarthacha agus atá beartaithe gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí paisinéirí iarnróid a oibrítear ar bhonn tráchtála a chumasú ar chríoch na Sualainne.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1193 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2020 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiompar paisinéirí iarnróid sa tSualainn ar neamhní;

2) Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc;

3) Ordaítear do Ríocht na Sualainne a costais féin a íoc.

---

([1]) IO C 28, 25.1.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Feabhra 2023 – ClientEarth v an Coimisiún**

**(Cás T-354/21)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Córas rialaithe chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú – Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 – Doiciméid a bhaineann le rialú iascaigh a chur chun feidhme sa Danmhairg agus sa Fhrainc – Diúltú páirteach ar rochtain – Eisceacht a bhaineann le cosaint chuspóir na gcigireachtaí, na n-imscrúduithe agus na n-iniúchtaí – Toimhde ghinearálta na rúndachta – Leas poiblí sáraitheach – Coinbhinsiún Aarhus – Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006)***

(2023/C 104/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ClientEarth AISBL (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: O. Brouwer, T. Oeyen agus T. van Helfteren, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar, G. Gattinara agus A. Spina, Gníomhairí)

**Maidir le**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh C(2021) 4348 final ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021 lena ndiúltaítear rochtain ar dhoiciméid áirithe arna n-iarraidh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar neamhní (IO 2001 L 145, lch. 43), chomh maith le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail, (IO 2006 L 264, lch. 13).